



An Bhruiséil, 23 Márta 2022
(OR. en)

7426/22

AGRI 111
ENV 255
AGRIFIN 33
AGRIORG 35
SOC 180
COH 23
ALIM 2
COHAFA 36
DEVGEN 54

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Márta 2022
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 133 final
---------------------------	---------------------

Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOMHAIRLE CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN An tSlándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú
--------	---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 133 final.

Faoi iamh: COM(2022) 133 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.3.2022
COM(2022) 133 final

**TEACHTAIREACTH ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN
gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA AGUS CHUIG COISTE NA
RÉIGIÚN**

An tSlándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú

1. RÉAMHRÁ

Bhí margaí talmhaíochta leochaileach cheana ach leis an **ionradh a rinne an Rúis ar an Úcráin gan chúis gan údar**, díchobhsaíodh iad a thuilleadh. Tá an talmhaíocht ar fud an domhain á cur faoi bhrú ag paindéim COVID-19 agus ag an athrú aeráide. Sa tuarascáil is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) sonraítear go bhfuil an tslándáil bia agus cothaithe i mbaol cheana de dheasca triomaigh, tuilte agus teasthonnta chomh maith leis an ardú ar leibhéal na mara agus go dtiocfaidh méadú ar an mbaol de dheasca an téimh dhomhanda, agus gur réigiúin leochaileacha go háirithe a bheidh thíos leis¹.

Bhí borradh mór ar phraghsanna sna margaí tráchtearraí roimh an ionradh fiú, borradh a chuir isteach ar na margaí talmhaíochta tríd an méadú ar chostais fuinnimh agus leasacháin, agus an méadú a tháinig dá dheasca ar phraghsanna feirme. Tháinig méadú 5,6 % ar praghsanna bia an Aontais i gcomparáid le praghsanna bia an Aontais i mí Feabhra seo caite.

Níl an soláthar bia i mbaol san Aontas Eorpach inniu. Tá an tAontas Eorpach féin leordhóthanach den chuid is mó maidir le príomhtháirgí talmhaíochta, ós rud é gur príomhonnmháireoir cruithneachta agus eorna é agus go bhfuil sé in ann a thomhaltas i dtaca le príomhbharra eile amhail arbhar Indiach nó siúcra a chumhdach. Tá an tAontas Eorpach leordhóthanach den chuid is mó freisin maidir le táirgí ainmhithe, lena n-áirítear déiríocht agus feoil, ach amháin bia mara.

Mar sin féin, mar gheall ar an **ionradh ar an Úcráin, agus an borradh domhanda faoi phraghsanna tráchtearraí**, tá ardú ar phraghsanna i margaí táirgí talmhaíochta agus bia mara agus **tá leochaileachtaí ár gcóras bia á dtabhairt chun solais**: táimid ag brath ar allmhairiú fuinnimh, leasacháin agus beatha ainmhithe, mar shampla. Leis sin méadaítear costais ar tháirgeoirí agus bíonn tionchar aige ar phraghas an bhia, **rud a fhágann go bhfuil inní ann** a mhéid a bhaineann le cumhacht cheannaigh **tomhaltóirí**, agus le hioncam **táirgeoirí**.

Leis an gcur isteach ar thrádáil, **tá inní mhór ann freisin faoin tslándáil bia ar fud an domhain** de thoradh thionchar gearrthéarmach an chogaidh agus na n-éiginnteachtaí fadtéarmacha a bhaineann leis. Tá ganntanas mór bia á fheiceáil i gcathracha na hÚcráine atá faoi léigear. Tá deireadh beagnach tagtha le sreafaí tábhachtacha trádála gránach agus olashíl ón Muir Dhubh.

Leis an gogadh san Úcráin, tháinig athrú mór ar ionchais mhargaidh, rud a raibh tionchar aige ar phraghsanna na dtráchtearraí uile, lena n-áirítear príomhtháirgí agraibhia. Is sa **mhargadh cruithneachta** domhanda is mó atá **inní maidir leis an tslándáil bia**. Tá méadú 70 % tagtha ar phraghsanna margaí cruithneachta amach anseo ó rinneadh an t-ionradh. Tá an t-aschur domhanda cruithneachta i mbaol mar gheall ar an turraing soláthair de thoradh sciar na hÚcráine agus na Rúise i margaí cruithneachta agus mar gheall ar an turraing i gcostais táirgthe, go háirithe i gcás gáis nádúrtha, leasacháin

¹ [Climate Change 2022 \[Athrú Aeráide 2022\]: Impacts, Adaptation and Vulnerability \[Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht\]](#) | [Climate Change 2022 \[Athrú Aeráide 2022\]: Impacts, Adaptation and Vulnerability \[Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht \(ipcc.ch\)\]](#).

nítrigine agus ocsaigine. Ba ghá suas le 25 mhiliún tona a ionadú chun freastal ar riachtanais bia ar fud an domhain sa séasúr reatha agus sa chéad séasúr eile².

Anois níos mó ná riamh is mithid **an dlúthpháirtíocht a léiriú**. Sa Teachtaireacht seo, leagtar amach freagairt an Choimisiúin ar an iarraidh ón gComhairle Eorpach ina dearbhú Versailles an 10 agus an 11 Márta 2022, chun roghanna a chur i láthair chun aghaidh a thabhairt ar an ardú ar phraghsanna bia agus ar shaincheist na slándála domhanda bia. Tá sé bunaithe ar mheasúnú ar an gcás (Iarscríbhinn 1) agus cuireann sé leis an bhfís atá aige maidir le córas bia cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, fíis a leagtar síos sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus ina Straitéis “ón bhfeirm go dtí an forc”. Leagtar amach inti **bearta gearrthéarmacha chun tacú leis an tslándáil bia agus le talmhaíocht** san Úcráin, leis an tslándáil bia ar fud an domhain, chomh maith le feirmeoirí agus tomhaltóirí san Aontas. Iarrtar inti freisin aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a nochtadh leis an ngéarchéim atá ag fás ar bhealaí lena gcuirtear **feabhas ar an aistriú i dtreo córais bhia inbhuanaithe, athléimneacha agus chothroma** san Aontas agus ar fud an domhain.

2. SLÁNDÁIL BHIA DHOMHANDA

Le hionradh na Rúise ar an Úcráin, tá an baol ann go mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha ann don tslándáil bia ar fud an domhain, san Úcráin agus i gcás go leor tíortha atá thíos le heasnamh bia san Afraic (lena n-áirítear san Afraic Fho-Shahárach) sa Mheánoirthear, sna Balcáin Thiar freisin. I dteannta an mhéadaithe ar phraghsanna bia, is dócha go méadófar ar an mbochtaineacht agus ar an éagobhsaíocht sna tíortha sin.

Tá an Úcráin léirscriosta ag an gcogaíocht agus is cúis mhór inní í an tslándáil bia inti, go háirithe ós rud é gur cosúil go bhfuil an Rúis ag díriú d’aon turas ar stoic bia agus ar láithreacha stórála agus á scriosadh. In Achainí na Náisiún Aontaithe meastar go ndéanfar difear do suas le 18 milliún duine san Úcráin, lena n-áirítear suas le 6.7 milliún a easáiteofar go himheánach as an nua. Le ganntanas bia i gcathracha agus na milliúin teifeach agus daoine easáitithe, **tá gá le cúnambh bia práinne a sheoladh chuig an Úcráin**. Tá gníomhaithe daonnúla, amhail an Clár Domhanda Bia, ag soláthar cúnambh bia agus ag méadú oibríochtaí. Tá cúnambh á chur ar fáil ag an Aontas Eorpach trína shásraí cosanta sibhialta agus daonnúla araon. Is é EUR 93 mhiliún méid na cabhrach daonnúla ón Aontas le haghaidh na hÚcráine agus na Moldóive, lena n-áirítear cúnambh bia agus tacaíocht le haghaidh riachtanais bhunúsacha, agus tá sé oibríochtúil cheana.

Leis an gcogaíocht agus an turraing ghinearálta, imreofar tionchar mór ar bhuaibh 2022 san Úcráin, tír ar a dtugtar gráinseach na hEorpa. Chun an táirgeadh a áirithiú, tá síolta, díosal, leasachán agus táirgí um chosaint plandaí de dhíth ar fheirmeoirí na hÚcráine. Tá an Coimisiún ag tacú leis an Úcráin straitéis ghearrthéarmach agus mheántéarmach maidir leis an tslándáil bia a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go sroichfidh an t-ionchur feirmeacha nuair is féidir agus go gcoinneofar saoráidí iompair agus stórála ar bun le go mbeidh an Úcráin in ann a cuid saoránach a chothú agus a margáil onnmhairiúcháin a fháil ar ais ar deireadh thiar. Oibríonn an Coimisiún le hEagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) ar an láthair in Iarthar

² Meastar gur thart ar 5 mhiliún tona cruithneachta nach bhféadfaidh an Úcráin a onnmhairiú go deireadh mhí an Mheithimh 2022. Ina theannta sin, sa bhliain mhargaíochta 2022/2023, bhíothas ag súil le 20 milliún tona breise d’onnmhairí cruithneachta ón Úcráin agus d’fhéadfadh sé nach dtiocfadh ann dóibh. Sna figiúirí sin, ní chuirtear san áireamh aon éifeachta ar onnmhairí cruithneachta na Rúise.

na hÚcráine chun tacú le feirmeacha beaga agus chun táirgeadh talmhaíochta a chinntiú. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún iarracht a áirithiú, arna iarraidh sin d'údarais talmhaíochta na hÚcráine, go gcaomhnófar agus go n-éascófar rochtain ar mhargaí an Aontais ar bhealach solúbtha i gcás allmhairí chuig margaí na hÚcráine agus easpórtálacha uathu. Tá sé beartaithe ag rialtas na hÚcráine leas na n-iasachtaí a mhaoiniú d'fheirmeoirí faoi chlár dar luach 25 bhiliún hryvnia (EUR 760 milliún) mar chuid de bhearta nua chun turraing eacnamaíoch an chogaidh a mhaolú. Agus ar deireadh, tá eagraíochtaí feirmeoireachta an Aontais ag tabhairt cúnamh agus tacaíochta d'fheirmeoirí na hÚcráine.

Tá tionchar díreach ag an gcogadh ar sholáthairtí bia (cruithneacht, arbhar Indiach, eorna agus ola lus na gréine go háirithe) agus ar phraghsanna leasacháin, chomh maith le praghsanna fuinnimh. Leis na harduithe praghsanna atá ann faoi láthair, cuirtear le staid shocheacnamaíoch atá deacair cheana féin, de dheasca phaindéim COVID-19, triomaigh agus coinbhleachtaí eile. **I Meán Fómhair 2021, bhí níos mó ná 161 mhiliún duine i 42 gan dóthain bia.** Duine as gach triúr ar domhan, nach mór, tá sé gan rochtain ar bhia leordhóthanach agus, i gcás thart ar 3 bhiliún duine, ní raibh fáil acu ar aiste bia fholláin. Tá an baol ann go mbeidh ardú breise ar an líon sin agus nach mbainfear amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe faoi 2030 dá dheasca sin. De réir anailís tosaigh a rinne FAO, meastar go dtiocfaidh méadú 7.6 milliún ar líon na ndaoine tearc-chothaithe ar fud an domhain (cás turrainge measartha) go 13.1 milliún duine (cás turrainge tromchúiseach).

I gcás go leor tíortha ísealioncaim agus fiú tíortha íseal-mheánioncaim, is éard a bhíonn i gceist leis na cúinsí sin **méadú ar an mbille allmhairithe (bia)**, tráth a bhfuil méadú tagtha ar fhiachas agus a bhfuil rátaí malairte faoi strus. Imrítear tionchar mór ar thíortha a allmhairíonn cuid mhór dá gcuid bia, agus go cruithneacht go háirithe, bunearra tábhachtach ón Rúis agus ón Úcráin (e.g. san Afraic, sa Mheánoirthear agus sna Balcáin Thiar) agus d'fhéadfadh sé go méadódh ar an teannas iontu, rud as a dtagann corraíl shóisialta, radacú agus éagobhsaíocht. Tíortha a bhraitheann ar allmhairiú leasachán le haghaidh cuid shuntasach dá dtáirgeadh talmhaíochta, agus a mbraitheann cuid díobh ar allmhairiú cruithneachta freisin, beidh siad thíos le méadú ar chostais, méadú a d'fhéadfadh a bheith do-iompartha, agus lena gcuirfí táirgeadh an bhia i mbaol ar feadh an chéad cúpla buain eile.

Is dócha go dtiocfaidh méadú ar riachtanais dhaonnúla agus ar chostais dhaonnúla araon agus go gcuirfear brú breise ar an gcabhair dhaonnúil. Mar shampla, measann an Clár Domhanda Bia go dtiocfaidh méadú EUR 26.1 milliún in aghaidh na míosa ar a gcostais oibríochtúla i gcomparáid leis na leibhéil atá ann faoi láthair, tríd thionchar comhcheangailte na n-arduithe ar chostais bhia agus mar chostais bhreosla. I gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, is é EUR 63.8 milliún in aghaidh na míosa na costais bhreise sin.

Is gníomhaí mór daonnúil agus forbartha é an tAontas Eorpach sa tslándáil bia agus cothaithe, agus soláthraíonn sé tacaíocht shuntasach airgeadais agus pholaitiúil di. Ó 2015 i leith, tá EUR 350 milliún ar a laghad caite ag an Aontas ar chúnamb bia daonnúil in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, sa tréimhse 2014-2020, gheall an tAontas breis agus EUR 10 mbiliún i gcomhar um fhorbairt chun feabhas a chur ar an tslándáil bia le haghaidh na ndaoine is boichte agus is leochailí, chun cuidiú leis an ocras a dhíothú agus chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar gach cineál míchothaithe. Le haghaidh na tréimhse 2021-2024, tá EUR 2.5 billiún (EUR 1.4 billiún le haghaidh forbartha agus EUR 1.1 billiún le haghaidh na cabhrach daonnúla) ar a laghad á gheallúint ag an Aontas le haghaidh an chomhair idirnáisiúnta a bhfuil cuspóir cothaithe aige. I gclár comhair

idirnáisiúnta 2021-27, tacóidh an tAontas le córais bhia i dtimpeall 70 tír chomhpháirtíochta.

Leis an **léim neamhshiméadrach i bpraghsanna amach anseo** ó rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin, **léirítear** gurb é an **margadh cruithneachta** is mó atá ina **ábhar inní maidir leis an tslándáil bia** an domhain. Tá sé ríthábhachtach **ó thaobh geostraitéise de** go gcuidíonn an tAontas leis an mbearna táirgthe a chumhdach chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas domhanda i **gcruithneacht** a bhfuiltear ag súil leis. **Ní hamháin gur mór-onnmhaireoir cruithneachta é an tAontas, ach is é an t-onnmhaireoir is mó táirgeacht**, ar fud an domhain é³. Ón samhradh seo caite i leith, tá 19 milliún tona cruithneachta onnmhairithe ag an Aontas, agus tá coinne le honnmhairiú 13 mhilliún tona breise go deireadh mhí an Mheithimh. D'fhéadfadh méadú beag teacht ar an bhfigiúr seo mar fhreagairt ar phraghsanna arda lena spreagtar díolacháin easpórtála. Tá na hionchais le haghaidh bhua in na cruithneachta geimhridh san Aontas Eorpach in 2022 de bharr gur tháinig méadú 1 % ar na limistéir i gcomparáid leis an mbliain seo caite agus de bharr nach raibh drochaimsir ag bagairt ar bharr le linn an gheimhridh i mBallstáit táirgthe mhóra.

Sa **ghearrthéarma**, déanann an Coimisiún praghsanna bia agus an neamhshlándáil bia a leanúint agus a anailísiú go rialta, agus déanfar é a chomhordú le gníomhaithe domhanda eile lena n-áirítear leibhéil stoic ar leibhéal na tíre agus ar an leibhéal réigiúnach, ag tógáil ar Chóras Faisnéise an Mhargaidh Talmhaíochta (AMIS), i gcás inar féidir. Déanann sé faireachán ar riachtanais na dtráchtearraí sin ina bhfuil leibhéil stoic dhomhanda íseal chun na comharthaí margaidh cearta a sholáthar chun borradh a chur faoin táirgeadh ag baint úsáide as cleachtais inbhuanaithe. **Ba cheart dlús a chur faoin gcabhair dhaonnúil** chun aghaidh a thabhairt ar thíortha atá thíos le heasnamh bia agus ar thíortha atá buailte le coinbhleacht san Afraic Thuaidh agus sa Mheánoirthear, san Áise agus san Afraic fho-Shahárach. Is é cur chuige an chumarphointe idir an daonnacht, an fhorbairt agus an tsíocháin a bheith ba cheart ag an cúnaimh, i gcás inarb ábhartha, agus ba cheart obair an Ghréasáin Dhomhanda i gcoinne nGéarchéimeanna Bia a leathnú go dtí an leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Ina theannta sin, ag an gcéad Fhóram Daonnúil Eorpach (21-23 Márta 2022), seoladh glao ar ghníomhaíocht chun **oibriú le chéile mar Fhoireann na hEorpa chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim dhaonnúil dhomhanda i an tslándáil bia**. Agus leas á bhaint acu as a gcomhghníomhaíocht, féadfaidh an tAontas agus na Ballstáit an chabhair dhaonnúil a mhéadú le haghaidh na fóirithinte agus an athshlánúcháin.

Le **Clár Tacaíochta Éigeandála an Aontais** atá beartaithe i bhfabhar na hÚcráine (EUR 330 milliún), féachtar le rannchuidiú le maolú a dhéanamh ar fhulaingt dhaonra na hÚcráine mar gheall ar ionradh na Rúise trí rochtain a fháil ar earraí agus ar sheirbhísí bunúsacha agus trí chosaint a fháil. Leis an ngníomhaíocht, rannchuideofar le hathléimneacht na tíre a neartú agus le hathléimneacht a neartú i gcoinne bagairtí hibrideacha trí mhéadú a dhéanamh ar chumas an rialtais, na ngníomhaithe eacnamaíochta, na meán agus na sochaí sibhialta tionchar na géarchéime a sheasamh agus rannchuideofar le téarnamh na tíre. Díreofar freisin ar bhonneagar sibhialtach ar mhionscála a atógáil agus ar phleanáil straitéiseach an bhonneagair sin agus ar an tslándáil fuinnimh.

³ 5.3 tona/heicteár ar an meán san Aontas, i gcomparáid le 4.3 t/ha san Úcráin agus gar do 3 t/ha in áiteanna eile ar domhan nó faoina bhun.

Is féidir é sin a chomhlánú le tacaíocht mhaicreacnamaíoch, i gcás ina gcomhlíontar ceanglais incháilitheachta, le bearta maolaitheacha chun tacú leis na grúpaí sin is mó a mbíonn tionchar ag méaduithe ar phraghsanna (bia) orthu, agus trí shásraí cosanta sóisialta a ullmhú. **Ina theannta sin, is féidir leis an Aontas leanúint d'fhaoiseamh ó fhiachais a chomhtháthú san idirphlé beartais, i straitéisí maoiniúcháin agus i ngníomhaíochtaí níos leithne, d'fhonn an téarnamh glas a chothú.** Ba cheart sásraí frithghníomhach a chur i bhfeidhm, chun turraingí amach anseo a chosc sula dtarlóidh siad agus chun a dtionchar a laghdú nuair a tharlaíonn siad, seachas freagairt dá n-iarmhairtí.

Thairis sin, leanfaidh an tAontas de thacaíocht láidir a thabhairt, lena n-áirítear i bhfórais idirnáisiúnta, le haghaidh **srianta ar onnmhairiú agus cosc ar onnmhairiú bia a sheachaint** toisc gur olc an teist atá orthu sin mar ba ríléir ó ghéarchéim 2007-8 in áiteanna éagsúla ar domhan. Beidh ríthábhacht le comhardú na hEagraíochta Domhanda Trádála. Chun cur leis an teacht aniar, moltar do thíortha allmhairíochta a áirithiú gur fearr a dhéanfar foinsí soláthair bia a éagsúlú. Ina theannta sin, maidir leis an tslándáil bia ar fud an domhain, tá ríthábhacht le slabhraí soláthair agus lóistíocht dhomhanda a fheidhmíonn go maith.

Sa **mheántearma**, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do thíortha agus an claochlú i dtreo córais talmhaíochta agus bia uiscigh atá athléimneach agus inbhuanaithe á dhéanamh acu. Áirítear leis sin tacaíocht anailíseach agus tacaíocht beartais, arna mionsaothrú i gcomhthéacs na hoibre leantaí ar Chruinniú Mullaigh Córais Bhia agus an Cothú le haghaidh Fáis 2021. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an tAontas dlús lena chomhar idirnáisiúnta maidir le taighde agus nuálaíocht bia, lena n-áirítear ról ceannaireachta a ghlacadh sa Ghrúpa Comhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta (CGIAR), le tagairt ar leith d'oiriúnú don athrú aeráide agus do mhaolú ar an athrú aeráide agus do bhainistiú inbhuanaithe agus do chosaint acmhainní nádúrtha, agus cineálacha cur chuige á gcur i bhfeidhm amhail an agra-éiceolaíocht, bainistiú tírdhreacha agus agraforaoiseacht, éagsúlú sreafaí trádála agus córas ionchur, agus laghdú ar chailleanas agus ar dhramhaíl bia. Ina theannta sin, neartóidh an tAontas a chomhar idirnáisiúnta maidir le cothú agus aistí bia folláine, lena n-áirítear tríd an gcabhair dhaonnúil, agus maidir le slabhraí luacha atá athléimneach agus cuimsitheach. Maidir leis an Afraic, comhaontaíodh Clár Oibre Gníomhaíochta an Aontais Afracaigh agus an Aontais Eorpaigh maidir leis an gClaochlú Tuaithe in 2019, agus cuireann sé bonn ar fáil don chomhar feabhsaithe.

Tá an tAontas réidh chun éilimh na dtíortha allmhairíochta bia a shainathint, i gcomhar le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta agus i gcomhthéacs an phróisis G7 atá ar siúl faoi láthair, agus chun freagairt, más gá, trí thacaíocht ailínithe spriocdhírthe do chláir oibre atá faoi úinéireacht tíre (i gcomhréir le conairí náisiúnta an Chruinnithe Mullaigh maidir le córais bhia agus le Clár Cuimsitheach na hAfraice maidir le Forbairt Talmhaíochta (CAADP) san Afraic, mar shampla).

Tá an comhphobal idirnáisiúnta á shlógadh ag an Aontas chun dlús a chur le gníomhaíocht iltaobhach ar bhonn práinneach, sa bhreis ar an gcabhair dhaonnúil. Áirítear leis sin go n-áiríteofar maidir le comhlachtaí na Náisiún Aontaithe a bhfuil sainorduithe acu atá ábhartha maidir leis an tslándáil bia go mbeidh siad in ann na bearta is gá a dhéanamh. Mar shampla, is cuid lárnach de shainordú FAO í an tslándáil bia. Tá ról lárnach aige maidir le hanailís a dhéanamh ar an tionchar atá á imirt ar chórais bhia idirnáisiúnta le hionradh na Rúise, le haghaidh a thabhairt ar an tionchar sin, agus le meath breise a chosc, agus cuirtear béim ar leith ar chosaint a thabhairt do na daoine is leochailí. Tá an tAontas ag obair freisin chun a áirithiú go ndéanfar an tslándáil bia a

chomhtháthú in iarrachtaí chóras iomlán na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus an Comhthionól Ginearálta, arb iarrachtaí iad chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a athdhearbhú.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh agus molann sé do na Ballstáit iad a dhéanamh:

- Dlíthpháirtíocht a léiriú leis an Úcráin a trí **chúnamh bia, an chabhair dhaonnúil agus tacaíocht a thabhairt dá hearnáil talmhaíochta agus iascaigh**, i ndlíthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta
- **Leanúint d'fhaoiseamh ó fhiachais a chomhtháthú san idirphlé beartais, i straitéisí maoiniúcháin agus i gníomhaíochtaí níos leithne, d'fhonn an téarnamh glas a chothú.**
- Obair leantach agus anailís rialta ar phraghsanna bia agus ar an neamhshlándáil bia a áirithiú, agus ba cheart na nithe seo a chomhordú le gníomhaithe domhanda eile lena n-áirítear leibhéil stoic ar leibhéal na tíre agus ar an leibhéal réigiúnach agus stoic a chur ar fáil do thíortha atá i ngátar.
- leanúint de thacaíocht a thabhairt do thíortha agus an claochlú i dtreo córais talmhaíochta agus bia uiscigh atá athléimneach agus inbhuanaithe á dhéanamh acu
- dlús a chur leis an **gcabhair dhaonnúil le haghaidh na réigiún agus na ngrúpaí daonra is mó atá thíos leis an neamhshlándáil bia**
- **Tacaíocht mhaicreacnamaíoch le haghaidh tíortha ísealioncaim atá i mbéal forbartha atá i mbéal forbartha agus atá thíos le heasnamh bia a chur san áireamh**, i gcásanna ina gcomhlíontar ceanglais incháilitheachta, chun bearta maolaitheacha a dhéanamh chun tacú leis na grúpaí sin is mó a mbíonn tionchar ag méaduithe ar phraghsanna (bia)
- Tacaíocht a thabhairt i gcoinne **srianta ar onnmhairiú agus toirmisc onnmhairiúcháin ar bhia** agus srianta ar onnmhairiú agus toirmisc onnmhairithe ar bhia agus ar son **margadh aonair** atá dea-fheidhmiúil

3. AN TSLÁNDÁIL BIA SAN AONTAS EORPACH

3.1. Infhaighteacht bia agus inacmhainneacht bia

Maidir leis an Aontas, **níl infhaighteacht bia i mbaol**, ach tá an **inacmhainneacht bia** i mbaol i gcás teaghlaigh ísealioncaim.

Tá an tAontas neamhthuilleamaíoch den chuid is mó maidir le roinnt táirgí talmhaíochta agus is glan-onnmhaireoir cruithneachta é. Mar sin féin, is glan-allmhaireoir suntasach é an tAontas maidir le táirgí sonracha a d'fhéadfadh a bheith deacair a ionadú (go gasta), amhail próitéin bheatha, ola lus na gréine nó bia mara. Níl aon riosca ann go mbeidh ganntanas forleathan ann do thomhaltóirí. Tá ardú breise ar phraghsanna bia de dheasca na leochaileachtaí sin mar aon leis na costais mhéadaithe táirgthe i slabhra an tsoláthair bia, cé nach bhfuil soláthar cobhsaí an bhia san Aontas i gcontúirt. Is airde go mór iad na costais táirgthe ar leibhéal na feirme agus mura ndéanfaí iad a chúiteamh le praghsanna níos airde, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar chinnteacht an tsoláthair.

I bhfianaise an mhéid sin, bhunaigh an Coimisiún **Sásra Eorpach um ullmhacht agus freagairt i gcás Géarchéim Slándála Bia (EFSCM)**⁴, le déanaí, sásra nua arb aidhm dó feabhas a chur ar iarrachtaí comhordúcháin na gcóras riaracháin Eorpach agus náisiúnta, chomh maith le córais riaracháin tíortha ábhartha nach tíortha de chuid an Aontais iad agus le hiarrachtaí comhordúcháin páirtithe leasmhara príobháideacha chun soláthar bia agus an tslándáil bia a áirithiú tráth géarchéime. Leis an Sásra, ar cuireadh tús lena chuid oibre an 9 Márta 2022, déanfar **na rioscaí agus na leochaileachtaí a bhaineann le slabhra an tsoláthair bia an Aontais a mhapáil go mion** agus déanfar moltaí agus beart maolaithe iomchuí ina dhiaidh sin.

Tá **Margadh Aonair dea-fheidhmiúil ina chloch choirnéil maidir leis an tslándáil bia agus an tsábháilteacht bia san Aontas, lena n-áirítear tráth géarchéime**. Tá ár slabhraí soláthair idirspleách ar a chéile agus maidir le haon srian gan údar ar an Margadh Aonair, is féidir iarmhairtí neamhbheartaithe a bheith ann dá dheasca, rud a d'fhéadfadh ár soláthar bia sábháilte a chur i mbaoil. Tá an Coimisiún go mór i gcoinne bhearta na mBallstát chun soláthar bia intíre a chosaint trí onnmhairí a chosc. **Bearta den sórt sin, ar bearta iad a shaobhann an trádáil, is priori iad atá ar neamhréir leis an Margadh Aonair agus beidh tionchar diúltach acu ar an tslándáil bia sa deireadh**. Tá sé tábhachtach go gcomhordóidh na Ballstáit bearta d'fhonn feabhas a chur ar shreabha trádála agus tráchtearraí agus bia a thabhairt chuig an áit is mó a bhfuil gá leis. Trí **Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargadh Aonair** a bhunú, neartófar ullmhacht agus inniúlachtaí comhordaitheacha an Aontais a thuilleadh agus laghdófar na rioscaí go mbeidh srian gan údar ann. Tá scagadh á dhéanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit ar **an Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDC)** faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2019/452, ar dá bhun a fhéadfar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag IDC ar sholáthar táirgthe chriticiúla agus ar shlándáil an tsoláthair bia a chur san áireamh. Is i bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag cásanna nua ar sholáthar bia agus ar phraghsanna bia a dhéanfar na cásanna a mhionmheasúnú.

Ba cheart aird ar leith a thabhairt do na daoine is leochailí, lena n-áirítear dídeanaithe ón Úcráin chomh maith le teaghlaigh ísealioncaim a bhfuil tionchar ag na praghsanna arda fuinnimh orthu cheana agus atá fós thíos leis an turraing shocheacnamaíoch a bhí ann de dheasca phaindéim COVID. Is léir ó staidéir a rinneadh gur lú torthaí agus glasraí a cheannaigh teaghlaigh, ar an meán, tar éis an ardaithe ar phraghsanna bia in 2008, agus gur aistrigh siad go dtí bianna is saoire, bianna ar gnách dlús calar mór a bheith iontu (i.e. easpa vitimíní, mianraí agus snáithíní atá riachtanach don tsláinte).

I **gcomhthéacs ardú ar phraghsanna bia**, tá tábhacht le bearta beartais shóisialta tábhachtach chun na saoránaigh is leochailí a chosaint ar an neamhshlándáil bia agus chun a áirithiú go mbeidh gach duine in acmhainn dóthain bia sláintiúil cothaitheach, go háirithe grúpaí leochaileacha amhail teaghlaigh ina bhfuil leanaí, daoine scothaosta agus daoine ísealioncaim. Ní mór na bearta sin a bheith leabaithe i gcur chuige comhtháite chun díriú ar bhunchúiseanna na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta. Ina theannta sin, leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, tugtar treoir do na Ballstáit chun rochtain éifeachtach ar chothú leordhóthanach agus sláintiúil a ráthú do leanaí atá i ngátar, lena n-áirítear béile sláintiúil saor in aisce amháin ar a laghad gach lá scoile.

⁴ COM(2021) 689 an 12.11.2021 'Plean teagmhasach chun soláthar bia agus an tslándáil bia a chinntiú tráth géarchéime'.

Is féidir leis **na Ballstáit** leas a bhaint as cistí an Aontais amhail an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) lena dtacaítear le gníomhaíochtaí na mBallstát chun bia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach a chur ar fáil do na daoine is díothaí, ciste lena gcuirtear cúnamh bia ar fáil do líon is mó ná 15 mhilliún duine. Is féidir leis na Ballstáit a gcuid acmhainní a bhreisiú tríd an gCúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU) a shlógadh agus is féidir leo an leas is fearr a bhaint as solúbthachtaí breise na gclár FEAD atá acu faoi chuimsiú Gníomhaíocht Chomhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip (CARE), mar a bheartaigh an Coimisiún le déanaí.

Chun tionchar na bpragsanna arda bia ar na daoine is leochailí a mhaolú, féadfaidh na Ballstáit **rátaí laghdaithe Cánach Breisluacha** a chur chun feidhme agus oibreoirí eacnamaíocha a spreagadh chun an praghas a laghdú le haghaidh tomhaltóirí. I mí na Nollag 2021, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le hathchóiriú ar rátaí CBL ar leibhéal an Aontais, comhaontú lena gcuirtear ar a gcumas do na Ballstáit a gcuid rátaí a laghdú tuilleadh, síos go 0 %, maidir le hearraí agus seirbhísí áirithe lena dtugtar aghaidh ar bhunriachtanais, i dtaca le bia go háirithe. Féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as an deis sin cheana féin, chomh maith le haistriú cnapshuime a dhéanamh chuig teaghligh mar réiteach éifeachtúil agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar inacmhainneacht.

3.2. Margáí talmhaíochta an Aontais a chobhsú agus tacaíocht a thabhairt do tháirgeoirí

Tá tionchar ag dinimic an mhargaidh ar roghanna táirgeoirí. Chun an brú ó phraghsanna arda a mhaolú, le coigeartuithe gearrthéarmacha d'fhéadfaí an t-éileamh ar úsáid breosla agus beatha a laghdú agus d'fhéadfaí soláthar a mhéadú trí phlanduithe níos airde cruithneachta a dhreasú san Earrach. Tá ag méadú ar líon na bhfeirmeoirí atá ag glacadh cleachtais inbhuanaithe de réir a chéile, agus is fiú tuilleadh spreagtha a thabhairt dóibh.

Déantar foráil sa Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus sa Chomhbheartas Iascaigh (CBI) maidir le raon beart, lena n-áirítear **líontán sábhála praghsanna** agus an fhéidearthacht **bearta eisceachtúla** a dhéanamh. Is féidir na bearta sin a úsáid chun margáí cobhsaí a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar imthosca eisceachtúla. Tá gá le tacaíocht spriocdhírthe a thabhairt do tháirgeoirí atá ag tabhairt aghaidh ar an méadú ar chostas táirgthe ach leis an tacaíocht sin níor cheart go mbainfí an bonn de na cuspóirí fadtéarmacha a bhaineann le córas bia níos athléimní agus níos inbhuanaithe.

Tá **faireachán cúramach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an staid reatha** ar bhonn n-uirlisí faisnéise margaidh a forbraíodh ó 2008 i leith⁵. Chun gur fearr a dhéanfar faireachán ar leibhéal stoic sa timpeallacht seo ina bhfuil praghsanna ard agus ina meastar neamhchinnteacht a bheith ann maidir le soláthairtí, molfaidh an Coimisiún do na Ballstáit **sonraí míosúla a chur in iúl maidir le stoic phríobháideacha** tráchtearraí le haghaidh bia agus beatha ionas go mbeifear in ann léargas tráthúil cruinn a thabhairt ar a n-infhaighteacht.

⁵ Faireachlanna mhargadh agraibhia an Aontais: https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/farming/facts-and-figures/markets/overviews/market-observatories_ga.
Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe (EUMOFA): <https://www.eumofa.eu/>.
Ionchas gearrthéarmach an mhargaidh i gcás táirgí talmhaíochta, an chéad eagrán eile arna sceidealú le haghaidh an 4 Aibreán 2022: https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/farming/facts-and-figures/markets/outlook/short-term_ga.

I bhfianaise na staide eisceachtúla atá ann faoi láthair, tá **pacáiste tacaíochta EUR 500 milliún** beartaithe ag an gCoimisiún, lena n-áirítear leas a bhaint as an gcúlchiste géarchéime, chun tacú leis na táirgeoirí is mó atá thíos le hiarmhairtí tromchúiseacha an chogaidh san Úcráin. Ar an mbonn sin, d'fhéadfadh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt d'fheirmeoirí chun rannchuidiú leis an tslándáil bia ar fud an domhain nó chun aghaidh a thabhairt ar mhíshocracht sa mhargadh de dheasca costais mhéadaithe táirgthe nó srianta trádála. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do thacaíocht le haghaidh feirmeoirí atá ag gabháil do chleachtais inbhuanaithe agus ag an am céanna leis na bearta ba cheart a áirithiú go ndíreofaí ar na hearnálacha agus ar na feirmeoirí is measa atá buailte ag an ngéarchéim. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le sreabhadh airgid an fhómhair, ceadóidh an Coimisiún do na Ballstáit **leibhéil mhéadaithe réamhíocaíochtaí** agus bearta forbartha tuaithe a bhaineann le limistéir agus le hainmhithe a íoc le feirmeoirí ón 16 Deireadh Fómhair 2022.

Tá teorainn le freagairt an Aontais i dtaca le soláthar de dheasca infhaighteacht na talún torthúla. Chun cur le cumas táirgthe an Aontais, ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme inniu, ar bhonn eisceachtúil agus ar bhonn sealadach, lena cheadú do na Ballstáit **oibleagáidí áirithe maidir le glású a mhaolú**. Go háirithe, féadfaidh siad a cheadú **go dtáirgfear aon bharr le haghaidh bia agus beatha** ar thalamh branair ar cuid í de na Limistéir ina nDírítear ar an Éiceolaíocht in 2022, agus leibhéal iomlán na híocaíochta i ndáil le glású a choinneáil ag an am céanna. Leis an tsolúbthacht shealadach sin beidh feirmeoirí in ann a bpleananna curaíochta a choigeartú agus a leathnú i mbliana

Tacaíonn an Coimisiún le Ballstáit trí leas a bhaint as féidearthachtaí chun **cion cumaisc bithbhreoslaí a laghdú**, cinneadh arbh é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air laghdú ar thalamh talmhaíochta an Aontais a úsáidtear chun bunábhair bhithbhreosla a tháirgeadh, agus ar an gcaoi sin laghdaítear an brú ar na margaí le haghaidh tráchtearraí bia agus beatha.

Maidir le hoibreoirí na hearnála iascaigh, tá an Coimisiún ag féachaint air an bhféadfaí sásra géarchéime CEMID a ghníomhachtú⁶, sásra atá ceaptha le haghaidh imeachtaí eisceachtúla lena gcuirtear isteach go mór ar na margaí. Leis an Sásra, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit cúiteamh a dheonú d'oibreoirí as a n-ioncam ligthe thar ceal agus as cailleanais eacnamaíocha, agus d'eagraíochtaí agus comhlachais aitheanta táirgeoirí a stóráilann táirgí iascaigh⁷.

Maidir leis an suaitheadh tromchúiseach sa gheilleagar a d'eascair as an gcogadh san Úcráin, ghlac an Coimisiún **Creat Géarchéime Sealadach** an 23 Márta 2022 chun a chur ar a gcumas do na Ballstáit an suaitheadh a leigheas. Leis an gcreat sin ceadaítear tacaíocht a thabhairt do ghnóthais a bhfuil tionchar díreach nó indíreach ag an ngéarchéim orthu, lena n-áirítear feirmeoirí agus iascairí, i bhfoirm tacaíocht leachtachta agus cabhair le haghaidh costais bhreise gáis agus leictreachais. Leis an gcreat sin, ceadaítear cabhair, lena n-áirítear deontais dhíreacha, cabhair do tháirgeoirí atá thíos leis an ngéarchéim (amhail iad siúd ar a bhfuil tionchar ag méaduithe suntasacha ar chostais táirgthe, i dtaca le beatha agus leasacháin go háirithe) chomh maith le cabhair do

⁶ An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) de bhun Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2021/1139

⁷ I gcomhréir le sásra stórála Airteagal 30 agus Airteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe.

ghnóthais atá dian ar fhuinneamh (amhail monaróirí leasachán agus an tionscal próiseála).

Sa ghearrthearma, is ábhar inní freisin í **infhaighteacht beatha ainmhithe**. Tá foinsí soláthair eile á lorg cheana féin ag táirgeoirí beostoic agus do Bharshaothraithe chun teacht in ionad na soláthairtí a cailleadh de dheasca an chogaidh. Tá cinneadh déanta ag roinnt Ballstát, i gcásanna cuí-réasúnaithe, ar bhonn eisceachtúil agus sealadach, úsáid a bhaint as an tsolúbthacht atá i reachtaíocht an Aontais⁸ cheana maidir le hallmhairí nach gcuireann isteach ar shábháilteacht bia ná ar shláinte tomhaltóirí. Déanann an Coimisiún faireachán ar na bearta náisiúnta sin. Ar deireadh, baintear leas as bearta líontán sábhála margaidh chun tacú le margadh na muiceola, i bhfianaise na ndeacrachtaí sonracha san earnáil sin.

Le praghsanna arda leasachán spreagtar úsáid níos éifeachtúla agus cuirtear dlús a chur leis an nuálaíocht maidir chun úsáid a bhaint as roghanna eile atá níos inbhuanaithe, rud a chuireann leis an Sprioc ‘ón bhfeirm go dtí an forc’, laghdú 50 % a dhéanamh ar chailleanas cothaitheach faoi 2030. San fheirmeoireacht orgánach, mar shampla, úsáidtear méideanna teoranta leasachán mianraí agus dá bhrí sin níl sí chomh neamhchosanta céanna ar phraghsanna. Mar sin féin, sa ghearrthearma, ní mór tús áite a thabhairt do **chostas agus infhaighteacht leasachán mianraí**, go dtí go n-aistreofar chuig cineálacha leasacháin inbhuanaithe nó modhanna leasacháin inbhuanaithe. Ní mór do thionscal leasacháin an Aontais a bheith in ann teacht ar na hallmhairí is gá, lena n-áirítear gás chun leasacháin a tháirgeadh laistigh den Aontas féin. Déanfar monatóireacht ar phraghsanna agus ar sholáthairtí leasacháin d’fheirmeoirí lena chinntiú nach gcuirfeadh na hionchais le haghaidh fhómhair an Aontais i gcontúirt.

4. ATHLÉIMNEACHT AN CHÓRAIS BIA A CHINNTIÚ

4.1. Córais bhia inbhuanaithe

Cé go bhfuil tábhacht le bearta gearrthéarmacha tacaíochta éigeandála, ní tábhachtaí iad ná earnáil an bhia a athdhírú go fadtéarmach ar inbhuanaitheacht agus ar athléimneacht.

Tá inbhuanaitheacht bia ríthábhachtach do shlándáil an tsoláthair bia. Gan aistriú a bheith leagtha amach sa Straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ agus sa Straitéis Bithéagsúlachta, beidh an tslándáil bia i mbaol mór sa mheántearma agus san fhadtéarma, agus beidh tionchair dho-aisiompaithe aige ar fud an domhain. Agus na straitéisí sin á gcur chun feidhme ag an gCoimisiún, is mian leis a **chinntiú nach mbainfeadh an bonn de tháirgiúlacht iomlán táirgí talmhaíochta, éisc agus bhia mara an Aontais.**

Is maith is eol don Choimisiún go bhfuil nasc idir ár sláinte, ár n-éiceachórais, ár slabhraí soláthair, ár bpatrúin tomhaltais agus teorainneacha an phláinéid, a fhís maidir le **córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol** á leagan amach aige sa Straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’. Sa straitéis sin, leag an Coimisiún béim ar a thábhachtaí atá athléimneacht chórais bia an Aontais, chun rochtain ar sholáthar leordhóthanach bia inacmhainne a áirithiú do shaoránaigh i ngach uile chúinse agus chun

⁸ Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair loitnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle

aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe ar bhealach cothrom daonlathach, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Is léir ón ngéarchéim atá ann faoi láthair go mbraitheann córas bia an Aontais ar tháirgí allmhairithe, amhail breoslaí iontaise, leasacháin, beatha agus amhábhair, rud a dhearbhaíonn go bhfuil gá le **hathdhíriú bunúsach ar thalmhaíocht an Aontais** agus ar chórais bhia an Aontais i dtreo na hinbhuanaitheachta, i gcomhréir leis an Margadh Glas agus leis an CBT athchóirithe, í éascaithe le gníomhaíochtaí a mholtar san fhís fhadtéarmach do cheantair thuaithe⁹.

Is colúin den aistriú chuig talmhaíocht inbhuanaithe iad úsáid fheabhsaithe agus úsáid laghdaithe ionchur (cothaithigh, lotnaidicídí), agus feirmeoireachta orgánaí (ar lú a bhraitheann sí ar ionchuir den sórt sin). Trí dheireadh a chur le haischur diomailteach ar muir agus trí iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac, tabharfar stoic éisc chuig leibhéil inbhuanaithe. Leis an ngéarchéim reatha, tá béim á leagan ar an gcostas a bhaineann le neamhghníomhaíocht freisin, lena n-áirítear an phráinn a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin i dtaca le táirgiúlacht talmhaíochta agus na hiarmhairtí comhshaoil a bhaineann le hathrú indíreach ar úsáid na talún, lena n-áirítear i dtríú tíortha.

Le nuálaíocht trí thaighde, eolas, teicneolaíocht, agrai-éiceolaíocht agus deachleachtais a ghlacadh is féidir an brú ar chostais táirgthe a mhaolú gan baint den chumas táirgeachta, **rud a chuireann le dul chun cinn fadtéarmach sa táirgiúlacht** chun an t-aistriú glas a bhaint amach. Rud is tábhachtaí ná sin, cuideoidh sé le hathrú ó bhonn a dhéanamh sa tsochaí trí chur amú bia a laghdú, trí aistí bia planda-bhunaithe a spreagadh, agus trí chomhpháirtíochtaí a thógáil le tríú tíortha chun córais bhia inbhuanaithe a fhorbairt. Má chuirtear feabhas ar fhaisnéis faoi inbhuanaitheacht ár gcuid bia, cuirfear ar chumas na dtomhaltóirí an rogha inbhuanaithe a dhéanamh. Trí chailleanas agus cur amú bia a chomhrac, laghdaítear an brú ar na hacmhainní nádúrtha a bhfuil teorainn leo, agus sábháiltear bia agus le hathdháileadh fhuílleach an bhia cuidítear le daoine atá i ngátar.

Ní mór tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena méadaítear **an táirgeacht ar bhealach inbhuanaithe** trí nuálaíocht theicneolaíoch agus agrai-éiceolaíoch araon. Beartóidh an Coimisiún rialacha nua lena n-éascófar **táirgí um chosaint plandaí ina bhfuil substaintí gníomhacha bitheolaíocha a chur ar an margadh**. Tá measúnú á dhéanamh aige freisin ar roghanna le haghaidh rialacha nua maidir le **teicnící géanómaíocha nua**, teicnící a bhfuil sé de chumas iontu cineálacha plandaí a chruthú nach bhfuil chomh soghabhálach céanna i leith athrú ar an teocht nó bagairtí aeráide, teicnící atá níos frithsheasmhaí in aghaidh lotnaidí plandaí agus níos éifeachtúla maidir le húsáid leasachán. Chun torthúlacht ithreach a chosaint, tá sé mar aidhm ag an misean de chuid an Chláir Fís Eorpach ‘Comhaontú um Ithir don Eoraip’ 100 saotharlann bheo agus teach solais a bhunú chun an t-aistriú i dtreo ithreacha sláintiúla a threorú.

Leis an ngéarchéim thromchúiseach reatha, deimhnítear nach mór dúinn **dlús a chur le haistriú an chórais bia i dtreo na hinbhuanaitheachta** le gur fearr a bheifear in ann ullmhú do ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo. Mar obair leantach ar Chruinniú Mullaigh 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le córais bhia, glacfaidh an Coimisiún páirt

⁹ Fís fadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais – I dtreo ceantair thuaithe níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla faoi 2040, COM/2021/345 final.

in ocht gcomhghuaillíocht¹⁰ atá dírithe ar chlaochlú na gcóras bia, ar athléimneacht agus ar fhás inbhuanaithe ar tháirgiúlacht.

Beidh ríthábhacht le ról phleananna straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023-2027 chun tacú leis an aistriú i dtreo **cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe agus córais ionchur athléimneacha**, go háirithe trí chreat beartais atá níos dírithe ar thorthaí a theaglamú le sraith níos éifeachtaí ionstraimí beartais agus sásraí. Beidh an méid sin dírithe ar bharúlacha ón gCoimisiún atá le teacht maidir le dréachtphleananna na mBallstát.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit **leithdháileadh níos cothroime tacaíochta ioncaim** a áirithiú chun feabhas a chur, go háirithe, ar athléimneacht feirmeacha beaga agus meánmhéide atá leochaileach ó thaobh luaineacht margaí a d'fhéadfadh an leanúnachas a chur i mbaol. Molann an Coimisiún do na Ballstáit freisin úsáid níos mó a bhaint as an geiste forbartha tuaithe chun **uirilís bainistíochta riosca** a mhaoiniú, chun cabhrú le feirmeoirí déileáil le cailleanais ioncaim, agus chun tacú le slabhraí soláthair gairide a fhorbairt agus cineálacha eile éagsúlaithe ioncaim feirme a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, is díol sásaimh dó pleananna chun **rochtain ar chreidmheas** a éascú d'fheirmeoirí, chun a bheith in ann infheistiú i modhanna táirgthe inbhuanaithe, lena n-áirítear mar shampla fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh agus a úsáid.

Sa chomhthéacs sin, measann an Coimisiún freisin go ndéanfaidh na Ballstáit an sásra coinníollachta nua a shainiú agus a chur chun feidhme ar bhealach **lena mbainfear amach an leas is mó is féidir as na cuspóirí aeráide agus comhshaoil, agus an tionchar gearrthéarmach a d'fhéadfadh a bheith aige ar an acmhainn táirgeachta á íoslaghdú ag an am céanna**. Mar shampla, leis an sciar íosta den talamh arúil atá le leithdháileadh ar an mbithéagsúlacht, ba cheart díriú ar chothabháil agus ar bhunú gnéithe neamhtháirgiúla amhail gnéithe tírdhreacha (e.g. fála agus crainn) seachas talamh a leagan bán (rud a chuirfeadh srian ar acmhainneacht táirgthe an Aontais).

Iarrtar ar na Ballstáit a bpleananna straitéiseacha CBT a athbhreithniú d'fhonn tacú le feirmeoirí cleachtais a ghlacadh **chun barrfheabhas a chur ar éifeachtúlacht na leasachán, agus an gcaoi sin laghdaítear an úsáid a bhaintear astu**. Is féidir é sin a dhéanamh go sonrach trí fheirmeoireacht bheacht, ach tá ról tábhachtach ag an bhfeirmeoireacht orgánach, an agrai-éiceolaíocht agus úsáid níos éifeachtúla trí chomhairle agus oiliúint maidir le bainistiú cothaitheach. Ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí a bhaineann lena bPlean Straitéiseach CBT i ndáil leis an méid sin, chomh maith le húsáid ionchur eile amhail antaibheathaigh agus lotnaidicídí a bharrfheabhsú agus a laghdú agus dul i mbun feirmeoireachta carbóin.

4.2. Athléimneacht a fheabhsú tríd an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ar ionchuir allmhairithe a laghdú

Mar gheall ar **athléimneacht earnáil bia an Aontais, tá gá le foinsí éagsúlaithe allmhairí agus le hasraonta margaidh** trí bheartas trádála uailmhianach, láidir, go

¹⁰ Is iad seo a leanas na 8 gcomhghuaillíocht ina mbeidh an Coimisiún rannpháirteach: Food is never waste [Ní bruscar an bia riamh], Healthy Diets from Sustainable Food Systems for Children & all [Aistí Sláintiúla Bia ó Chórais Bhia Inbhuanaithe do Leanaí agus do Chách], School Meals Coalition [Comhghuaillíocht na mBéilí Scoile], Aquatic and Blue foods [Bianna Uisceacha agus Gorma], Agroecology [Agrai-éiceolaíocht], Zero Hunger [Ocras ar Bith], Fighting food crises along the HDP nexus [Géarchéimeanna bia a chomhrac ar feadh an naisc HDP], Sustainable Productivity Growth [Fás Inbhuanaithe Táirgiúlachta]. Tuilleadh eolais: <https://foodsystems.community/coalitions/>.

hilitaobhach agus trí chomhaontuithe trádála. Mar gheall ar an gcogadh san Úcráin agus ar fhreagairt na margáí, nochtadh **an gá atá le haghaidh a thabhairt ar spleáchas earnálacha talmhaíochta agus iascaigh na hEorpa ar allmhairí fuinnimh agus ar allmhairí fuinnimh atá dian ar fhuinneamh.**

Tá tábhacht ar leith leis an gcuspóir **laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar leasachán mianraí a tháirgtear le breosla iontaise.** Is le gás nádúrtha go príomha (mar fhoinsé fuinnimh agus mar fhrithghníomhaí araon) a dhéantar **leasachán nítrigine.** Rannchuidíonn infheistíochtaí sa bhithgheilleagar ciorclach le táirgí, ábhair agus fuinnimh iontaise-bhunaithe a ionadú, agus ar an gcaoi sin cuidíonn siad leis an ngeilleagar a dhíchárbónú¹¹. Réimse tábhachtach nuálaíochta is ea leasacháin mianraí a tháirgeadh le teicneolaíocht ghlan. Tá an Coimisiún ag tacú leis an aistriú chuig **amóinia glas**¹², e.g. le haghaidh táirgeoirí leasachán, trí hidrigin ghlan a úsáid mar a leagtar amach i Straitéis Hidrigin an Choimisiúin¹³ agus le tacaíocht ón **gComhghuaillíocht Eorpach don Hidrigin Ghlan** agus EUR 800 milliún in infheistíocht.

Is cothaithigh thábhachtacha iad **fosfáit agus potais** chun táirgeacht mhaith barr curaíochta ar ardchaighdeán a áirithiú. Bítear ag brath go mór ar allmhairí an dá rud mar gur i dtríú tíortha atá formhór na gcúltaicé, tíortha lena n-áirítear an Rúis, an tSín, Maracó agus an Bhealarúis. Is ón Rúis agus ón mBealarúis a thagann 40 faoin gcéad den trádáil dhomhanda. Mar thoradh ar na smachtbhannaí a glacadh le déanaí, beidh ar an Aontas sciar allmhairí an dá thír sin a ionadú ó fhoinsí eile, 60 % faoi seach i gcás na potaise agus 35 % i gcás na bhfosfáití. Le comhaontuithe saorthrádála atá i bhfeidhm cheana féadfar foinsí na n-ionchur sin ó thionscnaimh a éascú. Déanfaidh an Coimisiún faireachán cúramach ar an staid chun go bhféadfar ganntanais a d'fhéadfadh a bheith ann a thuar agus, más gá, bearta ceartaitheacha sealadacha a dhéanamh chun an foinsí sin a éascú.

Trí **Fhís Eorpach**, déanfaidh an tAontas tuilleadh infheistíochta i dtaighde agus i nuálaíocht chun an úsáid a bhaintear as leasacháin shintéiseacha a ionadú agus chun dlús a chur leis an aistriú chuig córais bhia atá inbhuanaithe, ciorclach agus tíosach ar acmhainní san Aontas. Faoi cheann de chlár oibre Fhís Eorpach le haghaidh 2021-2022, leithdháilfear buiséad suntasach EUR 268.5 milliún ar earnálacha ciorclacha agus bithgheilleagair. Ina theannta sin, tabharfar suas le EUR 1 bhilliún don Comhpháirtíocht Eorpach um Eoraip bhithbhunaithe chiorclach ar feadh 7 mbliana, áit a ndéanfar suíomh na dtáirgeoirí príomhúla a threisiú. Leis sin tacaítear le conairí dea-gheallúnacha a sainaitníodh sa Straitéis Bhithgheilleagair, amhail **úsáid inbhuanaithe na bithmhaise a mhéadú, cothaithigh luachmhara a aisghabháil** (lena n-áirítear fosfáití¹⁴ agus cothaithigh ó aoileach beostoic) **agus roghanna malartacha bithbhunaithe a tháirgeadh** (lena n-áirítear fotháirgí, iarmhair agus sruthanna dramhaíola a úsáid) chun an timthriall cothaitheach a dhúnadh, agus cáilíocht an uisce, an aeir agus na hithreach á cosaint ag an am céanna. Éascófar rochtain ar an margadh inmheánach táirgí arna

¹¹ https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/food-farming-fisheries/farming/documents/factsheet-agri-value-chains_en.pdfhttps://ec.europa.eu/info/sites/default/files/food-farming-fisheries/farming/documents/factsheet-agri-water-nutrients-waste_en.pdf.

¹² D'fhéadfadh tionscadail thart ar EUR 30-35 bhilliún a bheith ag feidhmiú sa ghearrthearma agus sa mheántearma, e.g. sa Spáinn, san Ísiltír, san Ostair agus sa tSualainn.

¹³ COM(2020) 301 final.

¹⁴ Mar shampla: 'Phos4You: deploying phosphorus recycling from wastewater in North-West Europe' [Phos4You: athchúrsáil ar fhosfar ó fhuíllisce in Iarthuaisceart na hEorpa a chur in úsáid] [Phos4You - PHOSphorus Recovery from waste water FOR YOUr Life | Interreg NWE \(nweurope.eu\)](#)

n-eisiúint ón gheilleagar ciorclach¹⁵. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag smaoineamh ar bhearta rialála sábháilte breise a dhéanamh ionas gur mó na féidearthachtaí a bheidh ann úsáid a bhaint as cothaithigh aisghafa ó aoileach beostoic. Thairis sin, forbróidh an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, plean gníomhaíochta comhtháite maidir cothaithigh a bhainistiú chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú cothaitheach ag an bhfoinse agus chun inbhuanaitheacht earnáil an bheostoic a mhéadú.

Tá laghdú ag teacht cheana féin ar úsáid fuinnimh i dtáirgeadh talmhaíochta agus bia mara i dtíortha tionsclaithe mar gheall ar ghnóthachain éifeachtúlachta¹⁶. Tá deis ann tuilleadh gnóthachan a dhéanamh trí **éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach agus nítrigin á húsáid, luachshocrú bithmhaise agus cur amú bia a laghdú**. Beidh sé d'aidhm ag taighde agus nuálaíocht spriocdhírithé tuilleadh feabhais a chur ar an éifeachtúlacht agus leasacháin á n-úsáid ar leibhéal na feirme trí theicnící **fheirmeoireacht bheacht** a úsáid, i measc nithe eile. Ina theannta sin, le maoiniú an Aontais cuirtear taighde ar chórais ionchur bia inbhuanaithe chun cinn, lena n-áirítear **feirmeoireacht mheasctha, agrai-éiceolaíocht nó feirmeoireacht orgánach**. Barra léagúmacha, lena ndéantar nítrigine a fhosú agus ar lú na leasacháin nítrigine a úsáidtear leo, tá ról mór acu sna córais ionchur sin agus tabharfar aird ar leith orthu. Maidir le húsáid díosail le haghaidh tarracóirí, d'fhéadfaí laghdú a bhaint amach trí nuálaíocht lena laghdaítear úsáid na dtáirgí um chosaint plandaí agus gortghlanadh meicniúil.

Le **bainistiú inbhuanaithe na stoc éisc** in éineacht le soithí iascaireachta atá níos tíosaí ar fhuinneamh, rannchuideofar le laghdú ar úsáid breoslaí iontaise chun bia mara a tháirgeadh.

Maidir le dlús a chur le táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite, is tosaíocht eile é sin, tosaíocht a fhaigheann rannchuidiú ó Phleananna Straitéiseacha CBT, CEMID¹⁷ agus ó mhaoiniú Next Generation EU [Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh]. Le giniúint leictreachais ar fheirmeacha trí ghaoth, trí ghrian nó trí bhithghás, ní hamháin go dtreiseofar athléimneacht na bhfeirmeacha áirithe sin, ach cuirfear le slándáil agus le hinbhuanaitheacht sholáthar fuinnimh na hEorpa freisin. Sa ghéarchéim seo, ní mór dúinn a sheachaint go dtiocfaidh méadú ar úsáid barra bia agus beatha mar bhunábhar le haghaidh bithbhreosla. Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit feabhas a chur infheistíochtaí i mbithghás atá bunaithe ar fheirm nó ar fheirmeoireacht, ar bithghás é ó fhoinsí inbhuanaithe bithmhaise, lena n-áirítear go háirithe dramhaíl agus iarmhair talmhaíochta agus dhobharchultúrtha, rud a fhágfaidh an cruthú luacha eacnamaíoch sa gheilleagar tuaithe.

Is cuid den chlaochlú mór ar chóras bia an Aontais é an **spleáchas ar allmhairí beatha a laghdú**, lena n-áirítear aistriú i dtreo aistí bia atá níos planda-bhunaithe agus ar an gcaoi sin córas bia atá níos athléimní agus níos uathrialaithe a áirithiú. Ina dhearbhu Versailles, d'iarr an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús le **táirgeadh próitéine plandaí an Aontais**.

Tá sé beartaithe ag 19 Bhallstát ar a laghad úsáid a bhaint as na féidearthachtaí chun 'tacaíocht chúpláilte dheonach' a chur ar fáil do bharra próitéine ina bPleananna

¹⁵ Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1009 an 15 Iúil 2022 maidir le táirgí leasacháin a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais.

¹⁶ Crippa et al. (2021) Nature Food. <http://www.nature.com/articles/s43016-021-00225-9>.

¹⁷ An Ciste Eorpach Muiri, Iascaigh agus Dobharshaothraithe.

Straitéiseacha CBT le haghaidh 2023-2027. Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit leas a bhaint as féidearthachtaí eile freisin chun tacú le táirgeadh próitéine plandaí, lena n-áirítear idirghabhálacha tiomnaithe earnála, mar chuid de **chórais feirmeoireachta inbhuanaithe atá bunaithe ar fhoinsí éagsúla beathaithe**. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar bharr próitéine ina mheasúnú achomair ar Phleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát ¹⁸ déanfaidh sé athbhreithniú ar an mbeartas a sainathníodh i dtuarascáil 2018 maidir le forbairt próitéine plandaí san Aontas¹⁹.

Déanfaidh na Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tacaíocht a thabhairt, tríd an **gCiste um Chabhair Eorpach do na tíortha AE is díothaí (FEAD)**, do ghníomhaíochtaí thíortha an Aontais chun bia agus/nó cúnaimh ábhartha bunúsach a chur ar fáil do na daoine is díothaí.
- **Pacáiste tacaíochta EUR 500 milliún a chur ar fáil** chun tacú leis na feirmeoirí atá buailte.
- **Líontán sábhála praghsanna margaidh** a chur in úsáid chun tacú le margai sonracha agus chun leibhéal mhéadaithe **réamhíocaíochtaí íocaíochtaí díreacha** a cheadú níos déanaí i mbliana.
- **Creat Géarchéime Sealadach (TCF)** féinbhuanaithe nua a chur i bhfeidhm le haghaidh stáitchabhrach.
- Cead a thabhairt do na Ballstáit **maolú ar oibleagáidí áirithe i ndáil le glasú in 2022 chun talamh talmhaíochta breise a tháirgeadh.**

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Pleananna straitéiseacha nua CBT a úsáid **chun tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí a laghdaíonn an spleáchas ar ghás agus ar bhreosla agus ar ionchuir amhail lotnaidicídí agus leasacháin, e.g.:**
 - Infheistíochtaí a dhéanamh i dtáirgeadh inbhuanaithe bithgháis, rud a laghdaíonn an spleáchas ar ghás na Rúise.
 - Infheistíochtaí a dhéanamh san fheirmeoireacht bheacht, rud a laghdóidh an spleáchas ar leasacháin shintéiseacha agus mhianracha agus ar lotnaidicídí ceimiceacha.
 - Tacaíocht a thabhairt don fheirmeoireacht charbóin, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus ioncam níos fearr a chur ar fáil d'fheirmeoirí.
 - Tacaíocht a thabhairt do chleachtas agraí-éiceolaíoch, spleáchas ar ionchuir cheimiceacha a laghdú agus an tslándáil bia mharthanach a áirithiú.
- **Éifeachtachtaí agus cumhdach córas cosanta sóisialta a áirithiú** agus rochtain ar sheirbhísí riachtanacha a áirithiú dóibh siúd atá i ngátar

5. FOCAL SCOIR

Is é cogadh gan chúis gan údar ar mhór-roinn na hEorpa a thug an neamhshlándáil bia go dtí an Úcráin, tír ina bhfuil cuid de na hithreacha is torthúla san Eoraip.

¹⁸ Airteagal 141(2) de Rialachán (AE) 2021/2115.

¹⁹ COM(2018) 757 final.

I ndearbhú Versailles na Comhairle Eorpaí, iarrtar ar an gCoimisiún gníomhú ar bhonn práinne chun roghanna a chur i láthair chun aghaidh a thabhairt ar an ardú ar phraghsanna bia agus ar shaincheist na slándála bia ar fud an domhain a luaithe is féidir. Leagtar amach sa Teachtaireacht sin gníomhaíochtaí láithreacha agus leanúnacha chun tacú leis an tslándáil bia le haghaidh shaoránaigh na hÚcráine chomh maith le tacaíocht don tslándáil bia i dtíortha atá thíos le heasnamh bia. Tugtar aghaidh inti ar inacmhainneacht bia san Aontas agus ar na dúshláin ghearrthéarmacha shonracha le haghaidh táirgeoirí a bhfuil costais táirgthe arda ag baint leo. Meabhraítear inti tiomantas an Choimisiúin don Mhargadh Glas agus don Straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ agus leagann sí amach gníomhaíochtaí meántéarmacha chun tacú leis an aistriú chuig córas bia inbhuanaithe.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit tabhairt faoi na gníomhaíochtaí is gá agus iad a chur chun feidhme go pras chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní phráinneacha agus ar na leochaileachtaí fadtéarmacha. Tá na Ballstáit in ann go leor de na bearta sin a chur i bhfeidhm gan tuilleadh creata rialála ar leibhéal an Aontais. Go sonrach, tathantaíonn an Coimisiún ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a bpleananna CBT i gcás inar gá chun athléimneacht an chórais bia a áirithiú.

Ag an am céanna, neartóidh an Coimisiún a chuid iarrachtaí agus méadóidh sé a chomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le príomhghníomhaithe eile chun aghaidh a thabhairt go tráthúil agus go héifeachtach ar iarmhairtí ionradh na Rúise ar an Úcráin ar an tslándáil bia ar fud an domhain.